2026/2606

23.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2606 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/410 maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Iodáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(5) agus Airteagal 8 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Iodáil, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2025/1106, iarraidh ar chúnamh airgeadais a chur isteach an 30 Samhain, iarraidh a raibh plean infheistíochta um an tionscal cosanta Eorpach ('an plean') ag gabháil léi, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an iarraidh atá faoi thrácht na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin, go háirithe na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 4, in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 16.

(2) Chuir an Coimisiún isteach togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear an cúnamh airgeadais ar fáil don Iodáil an 26 Eanáir 2026 agus glacadh ina dhiaidh sin Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/410 ón gComhairle ([2]) maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Iodáil an 17 Feabhra 2026.

(3) An 19 Lúnasa 2026, sular síníodh an comhaontú iasachta gaolmhar agus na socruithe oibríochtúla gaolmhara, chuir an Iodáil iarraidh leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin lena laghdaítear méid an chúnaimh airgeadais a iarradh go EUR 8 000 958 000 ('an iarraidh athbhreithnithe'). Dá bhrí sin, cuireadh plean athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin an 9 Meán Fómhair 2026 ('an plean athbhreithnithe').

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarraidh athbhreithnithe de réir na gcoinníollacha is infheidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) 2025/1106.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2025/1106, bhí réasúnú agus bunús cuí leis an bplean athbhreithnithe agus leagadh amach ann tuairisc ar na táirgí cosanta agus ar na táirgí eile chun críoch cosanta agus, i gcás inarb ábhartha, tuairisc ar an rannpháirtíocht a bhí beartaithe don Úcráin sna gníomhaíochtaí, caiteachas agus bearta atá beartaithe, nó ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun tairbhe na hÚcráine.

(6) Chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an iarraidh athbhreithnithe na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2025/1106 maidir le hionstraim SAFE a úsáid. Go sonrach, áirithítear léi go ndéanfar gníomhaíochtaí, caiteachas agus bearta a bhaineann le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta trí sholáthairtí comhoibríocha nó soláthairtí aonair. Tá ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas le bheith ag gníomhaíochtaí, caiteachas agus bearta den sórt sin freisin: dlús a chur le coigeartú an tionscail cosanta i leith athruithe struchtúracha, feabhas a chur ar infhaighteacht thráthúil táirgí cosanta nó idir-inoibritheacht agus idirmhalartacht a áirithiú ar fud an Aontais.

([1]) IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/410 ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Iodáil (IO L, 2026/410, 5.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/410/oj).

(7) Chinn an Coimisiún freisin go bhfuil san iarraidh athbhreithnithe tuairisc ar na bearta atá beartaithe arb é is aidhm dóibh comhlíonadh Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2025/1106 agus na rialacha soláthair a leagtar amach sa Rialachán sin a áirithiú, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a bhfuil an comhlíonadh sin le háirithiú.

(8) Mar thoradh air sin, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2025/1106, shocraigh an Coimisiún go gcomhlíonann an iarraidh athbhreithnithe na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin, go háirithe na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 4, Airteagal 7(2) agus Airteagal 16.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo cúnamh airgeadais a chur ar fáil i bhfoirm iasachta arb é atá inti uasmhéid EUR 8 000 958 000 agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/410 a leasú dá réir sin.

(10) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta faoi Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle ([4]).

(11) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do na rialacha ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 ([5]) agus (AE, Euratom) 2020/2092 ([6]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2025/1106, ba cheart na bearta iomchuí uile is gá chun leas airgeadais an Aontais a chosaint a leagan amach sa chomhaontú iasachta atá le tabhairt i gcrích leis an Iodáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/410 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Deimhnítear leis seo go ndearna an Coimisiún measúnú ar an iarraidh ar chúnamh airgeadais faoin Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh a chuir an Iodáil isteach an 9 Meán Fómhair 2026 agus chinn sé go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2025/1106, go háirithe na coinníollacha in Airteagal 4, Airteagal 7(2) agus Airteagal 16. Cuirfear cúnamh airgeadais ar fáil don Iodáil dá réir sin.'

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Iodáil arb é atá inti uasmhéid EUR 8 000 958 000.'

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra ina leith.

([3]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([6]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hIodáile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. McENTEE